**Comórtais na mBunscoileanna** **Aithriseoireacht**

| | |
|---|---|
| **Rang 1** | Froganna |
| **Rang 2** | Seachain an Crogall! |
| **Rang 3** | Mo Mhadadh |
| **Rang 4** | Ag Féachaint ar an Teilifís |
| **Rang 5** | An dTiocfaidh Tú Liom? |
| **Rang 6** | Mo Choinín |
| **Rang 7** | An tEitleán |



**Froganna**

Froganna beaga deasa,
Froganna beaga buí,
Froganna beaga glasa,
Is Mamaí frog ina luí.

Daidí frog ina sheasamh,
Is bata ina lámh,
Ag foghlaim do na páistí
Cad é an dóigh le snámh!












**Seachain an Crogall!**

Tá crogall san uisce,
Nach gránna é!
Itheann sé páistí,
Le haghaidh an tae.


Dia duit, a chrogaill,
Ná maraigh mé!
An ligfidh tú trasna na habhann mé?



**Mo Mhadadh**

Sin é mo mhadadh
Ina shuí ar an stól.
Bíonn sé ag ithe.
Bíonn sé ag ól.


Ólann sé bainne
Is itheann sé arán.
Is deir sé 'bhuf', 'bhuf',
Nuair a bhíonn sé lán.




## Ag Féachaint ar an Teilifís

Tá Liam sa bhaile,
Tá sé ar bís!
Níl sé ar scoil,
Tá sé ag féachaint ar an teilifís.

Faigheann sé an cianrialtán,
Suíonn sé síos,
Tá áthas ar Liam,
Ag féachaint ar an teilifís.





## An dTiocfaidh Tú Liom?

An dtiocfaidh tú liom go dtí an zú?
Feicfidh tú dobharach is cangarú,
Camall le cruit air,
Is crogall mór,
Is séabra le stríocaí
Bána is dubha.

Tiocfaidh mé leat go dtí an zú.
Feicfidh mé dobharach is cangarú,
Camall le cruit air,
Is crogall mór,
Is séabra le stríocaí
Bána is dubha.
Seo linn anois go dtí an zú!



**Mo Choinín**

Is maith liom mo choinín
Mo choinín beag bán,
Is bímid ag súgradh
Le chéile ar an bhán.

Thug Daidí dom an coinín
Is rinne sé teach dó.
Bíonn an coinín istigh ann
D'oíche is de ló.

Is maith liom a bheith ag súgradh
Le Máire nó le Seán,
Ach is fearr liom a bheith ag súgradh
Le mo choinín beag bán.



## An tEitleán

"Nach deas an t-eitleán é,"
Arsa Micilín leis féin,
"Ag eitilt ar nós spideoige
Thar na sléibhte i gcéin!

Feiceann sé gach uile ní
Is é ag eitilt sa spéir,
Nach aoibhinn don phíolóta
Mar éinín thuas san aer!

Ach beidh mé mór amárach
In eitleán liom féin,
Is feicfidh mé na sléibhte
Is na tíortha i bhfad i gcéin."

